Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**17074/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0321(NLE)**

**ENFOPOL 534**
**CRIMORG 167**
**CT 133**
**IXIM 268**
**COLAC 190**
**CORDROGUE 128**
**JAI 1894**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Nollaig 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 580 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 580 final.

Faoi iamh: COM(2024) 580 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.12.2024
COM(2024) 580 final

2024/0321 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Baineann an togra seo le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle ('an Bhrasaíl') maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí ('Europol') agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu ('an Comhaontú').

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é misean Europol tacú leis na Ballstáit chun gach cineál coireachta tromchúisí idirnáisiúnta agus eagraithe, cibearchoireachta agus sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac. I saol domhandaithe ina bhfuil an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht ag éirí níos trasnáisiúnta agus ilchineálaí, ba cheart údaráis forfheidhmithe dlí a bheith in ann comhoibriú go hiomlán le comhpháirtithe seachtracha chun slándáil a saoránach a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart do Europol a bheith in ann oibriú i ndlúthchomhar le húdaráis forfheidhmithe dlí i dtríú tíortha, lena n-áirítear trí shonraí pearsanta a mhalartú, a mhéad is gá chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/794[1]. An tráth céanna, tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil coimircí leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint chun sonraí pearsanta a chosaint.

Is féidir le Europol sonraí pearsanta a mhalartú le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar bhonn ceann amháin de na nithe seo a leanas, mar a leagtar amach in Airteagal 25(1), pointí (a) go (c), de Rialachán (AE) 2016/794:

- cinneadh ón gCoimisiún a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir (AE) 2016/680, ar cinneadh é lena gcinntear go n-áirithíonn an tríú tír, críoch nó earnáil shonraithe amháin nó níos mó laistigh den tríú tír sin, nó an eagraíocht idirnáisiúnta i dtrácht, leibhéal leordhóthanach cosanta ('cinneadh leordhóthanachta');
- comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta de bhun Airteagal 218 CFAE, ar comhaontú é lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideacht agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine a chosaint;
- comhaontú comhair lena gceadaítear malartú sonraí pearsanta arna thabhairt i gcrích roimh an 1 Bealtaine 2017 idir Europol agus an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 23 de Chinneadh 2009/371/CGB.

Ó tháinig Rialachán (AE) 2016/794 i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2017, tá an Coimisiún freagrach, thar ceann an Aontais, as comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú le tríú tíortha maidir le malartú sonraí pearsanta le Europol. A mhéid is gá chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh, féadfaidh Europol freisin caidreamh comhair a bhunú agus a choinneáil ar bun le comhpháirtithe seachtracha trí shocruithe oibre agus riaracháin nach féidir leo féin a bheith ina mbunús dlí maidir le sonraí pearsanta a mhalartú. Murab ionann agus le comhaontú

[1] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj), ('Rialachán (AE) 2016/794').

idirnáisiúnta, is é Europol a thugann na socruithe sin i gcrích agus níl siad ina gceangal ar an Aontas Eorpach ná ar a Bhallstáit[2].

Tá grúpaí coireachta eagraithe Mheiriceá Laidinigh ina mbagairt thromchúiseach ar shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh ós rud é go bhfuil an nasc idir a ngníomhaíochtaí agus sraith coireanna laistigh den Aontas ag dul i méid, go háirithe i réimse na gáinneála ar dhrugaí. Sa Mheasúnú a rinne an tAontas Eorpach ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe (SOCTA) in 2021 tugtar chun suntais go bhfuil méideanna nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo de dhrugaí aindleathacha á ngáinneáil chuig an Aontas ó Mheiriceá Laidineach, lena ngintear brabús ilbhilliún euro, brabús a úsáidtear chun réimse leathan eagraíochtaí coiriúla a mhaoiniú (eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí atá bunaithe san Aontas) agus chun an smacht reachta a lagú san Aontas Eorpach[3].

Deimhnítear i dtuarascálacha atá ann le déanaí gur fusa ná riamh teacht ar chócaon san Eoraip agus go bhfuil an druga sin níos inacmhainne agus níos inrochtana d'úsáideoirí ná mar a bhí roimhe seo[4]. Iompraítear an chuid is mó den táirge a urghabhadh san Aontas Eorpach ar muir, go príomha i gcoimeádáin loingseoireachta mhuirí[5], agus seoltar go díreach chuig an Aontas é ó na tíortha táirgthe agus ó thíortha imeachta comharsanacha i Meiriceá Laidineach, lena n-áirítear an Bhrasaíl[6]. Is comhpháirtithe iad eagraíochtaí coireachta eagraithe na Brasaíle i líonraí coiriúla na Colóime agus ceannaíonn siad cócaon a tháirgtear sa Bholaiv agus i bPeiriú. Chomh maith lena ngníomhaíochtaí gáinneála, is soláthraithe seirbhíse iad na líonraí sin le haghaidh líonraí coiriúla a fheidhmíonn ar fud an domhain agus a úsáideann calafoirt sa Bhrasaíl chun gáinneáil a dhéanamh ar an gcócaon[7]. I bhfianaise na gcainníochtaí cócaoin a urghabhadh i gcalafoirt na hEorpa agus i gcalafoirt in áiteanna eile a bhí beartaithe le dul go dtí an Eoraip, bhí an Bhrasaíl (ina raibh urghabháil cócaon tuairim is 71 thona) ar cheann de na príomhphointí imeachta in 2020, mar a bhí sí le roinnt blianta anuas[8]. Deimhnítear i sonraí oifigiúla ón mBrasaíl gurb í an Eoraip an ceann scríbe is mó le haghaidh cócaon a sheoltar ón mBrasaíl[9].

Is seanbhunaithe iad na heagraíochtaí coireachta eagraithe atá bunaithe i Meiriceá Laidineach agus tá siad gníomhach freisin i réimsí coireachta eile a thagann faoi shainordú Europol, amhail cibearchoireacht, sciúradh airgid agus coireanna comhshaoil.

Ina Dhoiciméad Clársceidealaithe 2022-2024, chuir Europol i bhfios go bhfuil an méadú ar an éileamh ar dhrugaí agus an méadú ar na bealaí gáinneála ar dhrugaí isteach san Aontas

2 Airteagal 23(1) agus (4) de Rialachán (AE) 2016/794.
3 Measúnú an Aontais Eorpaigh ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (SOCTA) 2021: Tionchar éillitheach: Insíothlú agus an bonn a bhaint de gheilleagar agus de shochaí na hEorpa trí choireacht eagraithe https://www.europol.europa.eu/publication-events/main-reports/european-union-serious-and-organised-crime-threat-assessment-socta-2021.
4 Margadh na nDrugaí san Aontas Eorpach: Cócaon, lch. 58, le fáil ar https://www.emcdda.europa.eu/publications/eu-drug-markets/cocaine_en.
5 An Eoraip agus an trádáil dhomhanda cócaoin, lch. 5, le fáil ar https://www.emcdda.europa.eu/publications/eu-drug-markets/cocaine/europe-and-global-cocaine-trade_en.
6 An Eoraip agus an trádáil dhomhanda cócaoin, lch. 5, le fáil ar https://www.emcdda.europa.eu/publications/eu-drug-markets/cocaine/europe-and-global-cocaine-trade_en.
7 Margadh na nDrugaí san Aontas Eorpach: Cócaon, lch. 47, le fáil ar https://www.emcdda.europa.eu/publications/eu-drug-markets/cocaine_en.
8 Margadh na nDrugaí san Aontas Eorpach: Cócaon, lch. 24, le fáil ar https://www.emcdda.europa.eu/publications/eu-drug-markets/cocaine_en.
9 Margadh na nDrugaí san Aontas Eorpach: Cócaon, lch. 52, le fáil ar https://www.emcdda.europa.eu/publications/eu-drug-markets/cocaine_en.

Eorpach ina n-údar maith le comhar feabhsaithe le tíortha Mheiriceá Laidinigh, i measc nithe eile[10].

I bhfianaise an mhéid sin, tá comhar idir Europol agus an Bhrasaíl ag dul ar aghaidh i gcónaí tar éis shíniú an Chomhaontaithe maidir le Comhar Straitéiseach i mí Aibreáin 2017[11]. Mar thoradh ar na torthaí a baineadh amach tar éis an Comhaontú seo a chur chun feidhme agus Biúró Idirchaidrimh na Brasaíle a bhunú ag Europol, lena n-áirítear imscaradh Oifigeach Idirchaidrimh na Brasaíle ina dhiaidh sin chuig Europol i mí Mheán Fómhair 2020, cuireadh feabhas ar an gcomhar ar leibhéal oibríochtúil straitéiseach leis na Ballstáit agus le tríú páirtithe a ndéantar ionadaíocht orthu in Europol.

Ó shin, tá Póilíní Cónaidhme na Brasaíle ag comhoibriú agus ag obair go héifeachtach le Ballstáit an Aontais agus le Europol chun an choireacht eagraithe trasnáisiúnta agus an sceimhlitheoireacht thrasnáisiúnta a chomhrac, rud a fhágann go bhfuil an Eoraip agus an chuid eile den domhan níos sábháilte. Baineadh amach go leor torthaí dearfacha cheana[12], ón malartú laethúil faisnéise tríd an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) atá ag Europol go rannpháirtíocht i gcruinnithe an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), agus imscrúduithe comhpháirteacha leis na Ballstáit[13].

Tá an Bhrasaíl rannpháirteach i Sásra Comhordúcháin agus Comhair maidir le Drugaí Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh. Thairis sin, tá an Bhrasaíl ina ball d’Eagraíocht Póilíneachta Chríocha Mheiriceá (Ameripol) agus tá sí tiomanta rannchuidiú le deireadh a chur le grúpaí coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le táirgeadh agus gáinneáil drugaí. Go deimhin, tá an Bhrasaíl sainaitheanta ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) mar phríomh-chomhpháirtí idirnáisiúnta chun an soláthar domhanda cócaoin a laghdú[14].

Mar sin féin, leis an gComhaontú maidir le Comhar Straitéiseach idir Europol agus an Bhrasaíl ní thugtar bunús dlí chun sonraí pearsanta a mhalartú. Dá ainneoin sin, bheadh an cineál sin comhair oibríochtúil mhéadaithe agus comhroinnt na faisnéise ábhartha idir Europol agus an Bhrasaíl tábhachtach chun cionta tromchúiseacha a chomhrac i gcuid mhór réimsí comhleasa coireachta, ar nós gáinneáil ar dhrugaí agus coireanna comhshaoil, agus an ról tábhachtach atá ag líonraí coiriúla na Brasaíle i margadh domhanda na ndrugaí á chur san áireamh ach go háirithe.

I bhfianaise an mhéid sin, thíolaic an Coimisiún Moladh an 9 Márta 2023, inar moladh go n-údaródh an Chomhairle tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Bhrasaíl maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis na Brasaíle atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[15]. An 15 Bealtaine 2023 thug an Chomhairle a húdarú agus ghlac sí treoracha caibidlíochta[16].

---

10 Doiciméad Clársceidealaithe Europol 2022-2024, lch. 150.

11 https://www.europol.europa.eu/partners-agreements/strategic-agreements.

12 Sampla amháin de thorthaí dearfacha réamhluaite an chomhair seo is ea Operation Chameleon/Enterprise, atá le fáil ar https://www.europol.europa.eu/newsroom/news/over-40-arrested-in-biggest-ever-crackdown-against-drug-ring-smuggling-cocaine-brazil-europe.

13 Imscrúdú as ar eascair gabháil 6 thonna de chócaon ag cabhlach na Fraince, le fáil ar https://maoc.eu/french-authorities-seize-6-tons-of-cocaine-in-the-gulf-of-guinea-with-the-support-of-maoc-n/.

14 Margadh na nDrugaí san Aontas Eorpach: Cócaon, lch. 82, le fáil ar https://www.emcdda.europa.eu/publications/eu-drug-markets/cocaine_en.

15 COM(2023) 132 final.

16 Cinneadh (AE) 2023/1010 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023, agus Doiciméad 8525/23 ón gComhairle an 28 Aibreán 2023.

Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an mBrasaíl maidir leis an gComhaontú seo i mí Iúil 2023. Ar mhaithe le hionstraim chomhleanúnach amháin atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bheith ann lena rialaítear comhar idir Europol agus an Bhrasaíl, bhí forálacha maidir le comhar straitéiseach agus malartú sonraí neamhphearsanta san áireamh sa Chomhaontú freisin.

Tar éis trí bhabhta caibidlíochta agus trí chruinniú theicniúla, tháinig na príomh-idirbheartaithe ar réamh-chomhaontú maidir leis an téacs agus chuir siad inisealacha le dréacht-téacs an Chomhaontaithe an 18 Deireadh Fómhair 2024. Cuireadh na comhreachtóirí ar an eolas go tráthrialta agus chuathas i gcomhairle leo ag gach céim den chaibidlíocht, go háirithe trí thuairisciú do mheitheal fhreagrach na Comhairle agus do Choiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

- **Comhsheasmhacht le beartais de chuid an Aontais atá ann cheana**

Rinneadh an Comhaontú a chaibidliú i gcomhréir leis na treoracha cuimsitheacha caibidlíochta a ghlac an Chomhairle an 15 Bealtaine 2023. Tá an Comhaontú sin comhsheasmhach freisin le beartas an Aontais atá ann cheana sa réimse i ndáil le comhar i bhforfheidhmiú an dlí.

Le blianta beaga anuas, rinneadh dul chun cinn chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na Ballstáit agus chun an spás ina n-oibríonn sceimhlitheoirí agus coirpigh thromchúiseacha a dhúnadh. Tá doiciméid straitéiseacha reatha an Choimisiúin mar bhonn ag an ngá atá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chomhair i bhforfheidhmiú an dlí san Aontas Eorpach, chomh maith leis an gcomhar le tríú tíortha a leathnú. San áireamh ar na doiciméid sin tá Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála[17] agus Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe[18].

I gcomhréir leis na doiciméid straitéiseacha sin, feabhsaíodh an comhar idirnáisiúnta i réimse fhorfheidhmiú an dlí cheana féin. Ar bhonn údarú ón gComhairle, rinne an Coimisiún Comhaontú a chaibidliú leis an Nua-Shéalainn maidir le malartú sonraí pearsanta le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)[19]. Ba cheart a mheabhrú freisin gur údaraigh an Chomhairle cheana tús a chur le caibidlíocht leis an Ailgéir, leis an Éigipt, leis an Iordáin, le hIosrael, leis an Liobáin, le Maracó, leis an Túinéis agus leis an Tuirc le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le sonraí pearsanta a mhalartú le Europol[20].

Thairis sin, tá an Comhaontú i gcomhréir le Straitéis Drugaí 2021-2025 an Aontais Eorpaigh[21] agus le Plean Gníomhaíochta 2021-2025 an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí[22], ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe ilghnéitheacha fheiniméan na ndrugaí.

---

17 COM(2020) 605 final, 24.7.2020.

18 COM(2021) 170 final, 14.4.2021.

19 Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 51 an 20.2.2023, lch. 4), *an Chomhairle Eorpach – Comhairle an Aontais Eorpaigh*, le fáil ar https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/treaties-agreements/agreement/?id=2022013&DocLanguage=ga.

20 Doiciméid 9339/18, 9334/18, 9331/18, 9342/18, 9330/18, 9333/18, 9332/18, 9320/18 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2018.

21 Doiciméad (AE) 14178/20 ón gComhairle an 18 Nollaig 2020.

22 IO C 272, 8.7.2021, lch. 2.

Ar an gcaoi seo, ba cheart breathnú ar an gComhaontú leis an mBrasaíl mar chuid d'iarracht níos leithne chun feabhas a chur ar an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí idir an tAontas Eorpach agus tíortha leasmhara Mheiriceá Laidinigh. I ndáil leis sin, ar bhonn moladh ón gCoimisiún, thug an Chomhairle údarú i dtaobh tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta comhchosúla leis an mBolaiv, Eacuadór, Meicsiceo agus Peiriú an tráth céanna leis an mBrasaíl, agus an aidhm dheiridh leis sin feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí[23].

An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach an comhar i bhforfheidhmiú an dlí le tríú stáit a bheith go hiomlán i gcomhréir leis na cearta bunúsacha a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Sraith amháin coimircí a mbaineann tábhacht ar leith leo, go háirithe na cinn a léirítear i gCaibidlí II agus IV den Chomhaontú, baineann sí le cosaint sonraí pearsanta, ar ceart bunúsach é a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 25(1) de Rialachán Europol, féadfaidh Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin de bhun Airteagal 218 CFAE lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint. I gCaibidlí II agus IV den Chomhaontú déantar foráil maidir leis na coimircí sin, lena n-áirítear, go háirithe, forálacha lena n-áirithítear roinnt prionsabail agus oibleagáidí cosanta sonraí nach mór do na Páirtithe a urramú (Airteagail 3, 4, 5, 7, 10, 11, 12, 13, 18 agus 19), chomh maith le forálacha lena n-áirithítear cearta aonair in-fhorfheidhmithe (Airteagail 6, 8 agus 9), maoirseacht neamhspleách (Airteagal 14) agus sásamh éifeachtach riaracháin agus breithiúnach i leith sáruithe ar na cearta agus na coimircí a aithnítear sa Chomhaontú a eascraíonn as próiseáil sonraí pearsanta (Airteagal 15).

Tugann an dréacht-Comhaontú coimircí leordhóthanacha maidir le príobháideachas agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint, chomh maith le foras dlíthiúil maidir le sonraí pearsanta a mhalartú chun coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • An bunús dlí

In Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí '*lena dtabharfar an comhaontú i gcrích.*' Ós rud é go mbaineann an togra le réimsí ina gcuirtear an gnáthnós imeachta reachtach i bhfeidhm, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa agus, dá bhrí sin, is é Airteagal 218(6), pointe (a)(v) CFAE an bunús dlí nós imeachta.

Tá dhá phríomhaidhm agus príomh-chomhpháirt ag an togra, is iad sin an comhar i bhforfheidhmiú an dlí idir Europol agus an Bhrasaíl, chomh maith le coimircí leordhóthanacha a bhunú maidir le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint ar mhaithe leis an gcomhar sin. Dá bhrí sin, is gá Airteagal 16(2) agus Airteagal 88 CFAE a bheith ina mbunús dlí substainteach.

---

[23] Cinntí (AE) 2023/1009, 2023/1008, 2023/1011, 2023/1012 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023.

Dá bhrí sin, tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 16(2) agus ar Airteagal 88 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a)(v), CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/794 rialacha sonracha maidir le sonraí pearsanta a bheith á n-aistriú ag Europol lasmuigh den Aontas Eorpach. Liostaítear in Airteagal 25(1) de sin cásanna inar féidir le Europol sonraí pearsanta a aistriú go dleathach chuig údaráis forfheidhmithe dlí tríú tíortha. Fágann an fhoráil sin gur gá, i gcás Europol sonraí pearsanta a aistriú chuig an mBrasaíl, comhaontú ceangailteach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus an Bhrasaíl a thabhairt i gcrích, lena dtugtar coimircí leordhóthanacha maidir le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, tagann an Comhaontú faoi chuimsiú inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl an togra seo faoi réir seiceáil coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Cuspóirí an Aontais maidir leis an togra seo a leagtar amach thuas, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin trí chomhaontú idirnáisiúnta ceangailteach a dhéanamh lena bhforáiltear maidir leis na bearta comhair is gá, agus cosaint iomchuí ar chearta bunúsacha á háirithiú an tráth céanna. Tá forálacha an chomhaontaithe teoranta don mhéid is gá chun na príomhchuspóirí atá leis a bhaint amach. Ní rogha mhalartach í gníomhaíocht aontaobhach na mBallstát i leith na Brasaíle, ós rud é go bhfuil ról uathúil ag Europol. Ina theannta sin, ní bheadh gníomhaíocht aontaobhach ina bonn leordhóthanach le haghaidh comhar póilíneachta le tíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad agus ní áiritheofaí léi an chosaint is gá ar chearta bunúsacha.

- **An rogha ionstraime**

I gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/794, in éagmais cinneadh leordhóthanachta, ní fhéadfaidh Europol páirt a ghlacadh in aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír ach amháin go bhfuil sé bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 218 CFAE lena bhforáiltear do choimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint (Airteagal 25(2)(b) de Rialachán Europol). I gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, údaraítear síniú an chomhaontaithe sin le cinneadh ón gComhairle.

- **Cearta bunúsacha**

Is é atá i gceist le sonraí pearsanta a mhalartú agus a phróiseáil ag údaráis tríú tír cur isteach ar chearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí. Áirithítear leis an gComhaontú, áfach, riachtanas agus comhréireacht aon chur isteach den sórt sin trí chur i bhfeidhm coimircí leordhóthanacha cosanta sonraí a ráthú maidir leis na sonraí pearsanta a aistrítear, i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh.

Déantar foráil i gCaibidlí II agus IV maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Ar an mbonn sin, le hAirteagail 3 go 15, agus le hAirteagail 18 agus 19, leagtar amach na prionsabail bhunúsacha maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear teorannú de réir cuspóra, cáilíocht sonraí agus rialacha is infheidhme maidir le próiseáil catagóirí speisialta sonraí, oibleagáidí is infheidhme maidir le rialaitheoirí, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le tréimhsí coinneála, taifid a choimeád, an tslándáil agus a mhéid a bhaineann le haistrithe ar aghaidh, cearta aonair in-fhorfheidhmithe, lena n-áirítear cearta maidir le rochtain, ceartú agus cinnteoireacht uathoibrithe, maoirseacht neamhspleách éifeachtach mar aon le sásamh riaracháin agus breithiúnach.

Cumhdaíonn na coimircí gach cineál próiseála sonraí pearsanta i gcomhthéacs an chomhair idir Europol agus an Bhrasaíl. Féadfar feidhmiú ceart aonair áirithe a mhoilliú, a theorannú nó a dhiúltú i gcás inar gá, is réasúnach agus is comhréireach, agus cearta agus leasanna bunúsacha an ábhair sonraí á gcur san áireamh, go háirithe chun riosca d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil atá ar siúl a chosc, rud atá i gcomhréir le dlí an Aontais freisin.

Ina theannta sin, áiritheoidh an tAontas Eorpach agus an Bhrasaíl araon go ndéanfaidh údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as cosaint sonraí (an t-údarás maoirseachta) maoirseacht ar ábhair a dhéanann difear do phríobháideachas daoine aonair ar mhaithe le cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

Le hAirteagal 32 neartaítear éifeachtacht na gcoimircí sa Chomhaontú trí fhoráil a dhéanamh d'athbhreithnithe comhpháirteacha ar a chur chun feidhme go tráthrialta. Áireofar ar na foirne meastóireachta saineolaithe ábhartha maidir le cosaint sonraí agus forfheidhmiú an dlí.

Mar choimirce bhreise, de bhun Airteagal 21, mír 1, i gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as forálacha an Chomhaontaithe, is féidir an Comhaontú a chur ar fionraí. Aon sonraí pearsanta a aistríodh roimh an bhfionraí, caithfear leo fós i gcomhréir leis an gComhaontú. Ina theannta sin, i gcás fhoirceannadh an Chomhaontaithe, leanfar de shonraí pearsanta a aistrítear roimh fhoirceannadh an Chomhaontaithe a phróiseáil i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe.

Thairis sin, ráthaítear leis an gComhaontú go bhfuil an malartú sonraí pearsanta idir Europol agus an Bhrasaíl comhsheasmhach le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus le hAirteagal 52(1) den Chairt araon, lena n-áirithítear go mbeidh an cur isteach ar chearta bunúsacha a ráthaítear faoin gCairt teoranta don mhéid sin amháin atá fíor-riachtanach chun cuspóirí an leasa ghinearálta atá á saothrú a chomhlíonadh, faoi réir phrionsabal na comhréireachta.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ní bhaineann le hábhar.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon ghá le plean cur chun feidhme, ós rud é go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ar an data a gheofar an fógra deireanach i scríbhinn lena dtabharfaidh an tAontas Eorpach agus an Bhrasaíl fógra dá chéile trí bhealaí taidhleoireachta go bhfuil a nósanna imeachta féin curtha i gcrích.

Maidir le faireachán, déanfaidh an tAontas Eorpach agus an Bhrasaíl athbhreithniú comhpháirteach ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe bliain amháin tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus go tráthrialta ina dhiaidh sin, agus ina theannta sin, má iarrann ceachtar den dá pháirtí amhlaidh agus má chinntear go comhpháirteach é.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1 tá cuspóir agus raon feidhme an Chomhaontaithe.

In Airteagal 2 tá sainmhínithe an Chomhaontaithe.

In Airteagal 3 tá na cuspóirí le haghaidh sonraí pearsanta a phróiseáil.

In Airteagal 4 leagtar amach na prionsabail ghinearálta maidir le cosaint sonraí nach mór don Aontas Eorpach agus don Bhrasaíl a urramú.

Le hAirteagal 5 déantar foráil maidir le catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus maidir le catagóirí éagsúla ábhar sonraí, amhail sonraí pearsanta i ndáil le híospartaigh ciona choiriúil, finnéithe nó daoine eile a fhéadann faisnéis a sholáthar maidir le cionta coiriúla, nó i ndáil le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Le hAirteagal 6 déantar foráil maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil go huathoibríoch.

Le hAirteagal 7 leagtar amach bonn le haghaidh na sonraí pearsanta a fhaightear a aistriú ar aghaidh.

Le hAirteagal 8 déantar foráil maidir leis an gceart rochtana, lena n-áirithítear go bhfuil sé de cheart ag an ábhar sonraí, ag eatraimh réasúnta, faisnéis a fháil maidir le cé acu a dhéantar nó nach ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a phróiseáil faoin gComhaontú.

Le hAirteagal 9 déantar foráil maidir leis an gceart go ndéanfaí ceartúcháin, scriosadh, agus srianadh, lena n-áirithítear go bhfuil an ceart ag an ábhar sonraí a iarraidh ar na húdaráis inniúla sonraí pearsanta míchruinne a bhaineann leis an ábhar sonraí a aistríodh faoin gComhaontú a cheartú.

Le hAirteagal 10 déantar foráil maidir le fógra a thabhairt faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta a aistrítear faoin gComhaontú, lena n-áirithítear go dtabharfaidh na húdaráis inniúla faoi seach fógra dá chéile agus dá n-údarás maoirseachta faoi seach faoin sárú sin gan mhoill, agus go ndéanfar bearta chun na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú sin a mhaolú.

Le hAirteagal 11 déantar foráil maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí, lena n-áirithítear go gcuirfidh údaráis inniúla an dá Pháirtí sa Chomhaontú in iúl don ábhar sonraí gan moill mhíchuí i gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar dócha éifeacht dhíobhálach thromchúiseach a bheith aige ar chearta agus ar shaoirsí an duine sin.

Le hAirteagal 12 déantar foráil maidir le sonraí pearsanta a stóráil, a athbhreithniú, a cheartú agus a scriosadh.

Le hAirteagal 13 déantar foráil maidir le logaí a choinneáil i ndáil le sonraí pearsanta a bhailiú, a athrú, a rochtain, a nochtadh lena n-áirítear aistrithe ar aghaidh, a chomhcheangal agus a scriosadh.

Le hAirteagal 14 déantar foráil maidir leis an údarás maoirseachta, lena n-áirithítear gur ann d'údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as cosaint sonraí (údarás maoirseachta) chun maoirseacht a dhéanamh ar ábhair a dhéanann difear do phríobháideachas daoine aonair, lena n-áirítear na rialacha intíre chun cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

Le hAirteagal 15 déantar foráil maidir le sásamh riaracháin agus breithiúnach, lena n-áirithítear go bhfuil an ceart ag ábhair sonraí sásamh éifeachtach riaracháin agus breithiúnach a fháil mar gheall ar sháruithe ar na cearta agus ar na coimircí a aithnítear sa Chomhaontú, sáruithe a eascraíonn as próiseáil a sonraí pearsanta.

Déantar foráil in Airteagal 16 maidir leis na prionsabail cosanta sonraí is infheidhme maidir le malartú sonraí neamhphearsanta.

Le hAirteagal 17 déantar foráil maidir leis na sonraí neamhphearsanta a fhaightear a aistriú ar aghaidh.

Déantar foráil in Airteagal 18 maidir le measúnú a dhéanamh ar iontaofacht fhoinse agus chruinneas na sonraí i ndáil le sonraí pearsanta agus neamhphearsanta araon a mhalartaítear faoin gComhaontú.

Le hAirteagal 19 déantar foráil maidir le slándáil sonraí, lena n-áirithítear go ndéanfar bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a mhalartaítear faoin gComhaontú seo a chosaint.

Le hAirteagal 20 déantar foráil maidir le díospóidí a réiteach, lena n-áirithítear i gcás na ndíospóidí ar fad a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le léirmhíniú, cur i bhfeidhm nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus aon ábhar lena mbaineann go ndéanfar comhairliúcháin agus caibidlíocht ina leith idir ionadaithe an Aontais Eorpaigh agus an Bhrasaíl chun teacht ar réiteach arbh fhéidir a chomhaontú go frithpháirteach.

Le hAirteagal 21 déantar foráil maidir le clásal fionraíochta.

Le hAirteagal 22 déantar foráil maidir leis an gComhaontú a fhoirceannadh.

Le hAirteagal 23 déantar foráil maidir leis an gcaidreamh le hionstraimí idirnáisiúnta eile, lena n-áirithítear nach ndéanfaidh an Comhaontú dochar ná difear do na forálacha dlíthiúla maidir leis an malartú faisnéise dá bhforáiltear in aon chonradh, comhaontú, nó socrú idir an Bhrasaíl agus aon Bhallstát den Aontas Eorpach.

Déantar foráil in Airteagal 24 maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe, más gá faoin gComhaontú.

Déantar foráil in Airteagal 25 maidir le láimhseáil iarrataí ar rochtain phoiblí ar shonraí arna n-aistriú faoin gComhaontú.

Le hAirteagal 26 déantar foráil maidir leis na pointí teagmhála náisiúnta agus na hoifigigh idirchaidrimh náisiúnta.

Le hAirteagal 27 déantar foráil maidir le bealach slán cumarsáide.

Le hAirteagal 28 déantar foráil maidir leis na speansais faoin gComhaontú.

Le hAirteagal 29 déantar foráil maidir leis an bhfógra um chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Le hAirteagal 30 déantar foráil maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Le hAirteagal 31 déantar foráil maidir le leasuithe ar an gComhaontú agus maidir le forlíontaí air.

Le hAirteagal 32 déantar foráil maidir le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar an gComhaontú.

Le hAirteagal 33 déantar foráil maidir le teangacha an Chomhaontaithe.

2024/0321 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 88 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], déantar foráil gur féidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír, *inter alia*, ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) [XXXX] ón gComhairle[2], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu (‘an Comhaontú’) an [XX.XX.XXXX], thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(3) Leis an gComhaontú bunaítear caidreamh comhoibritheach idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle, agus ceadaítear leis sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a aistriú eatarthu, d’fhonn an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

(4) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina hiomláine an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den

[1] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

[2] [IO…]

Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Go háirithe, sa Chomhaontú tá coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Europol faoin gComhaontú a chosaint.

(5) Ní dhéanann an Comhaontú difear d'aistriú sonraí pearsanta nó cineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus tá sé gan dochar don aistriú sin.

(6) De bhun Airteagal 218(7) CFAE, is iomchuí don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún na modhnuithe ar Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim [xxx] uaidh an [xx.xx.xxxx].

(10) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(11) I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé leanúint ar aghaidh, thar ceann an Aontais, leis an bhfógra dá bhforáiltear in Airteagal 30(2) den Chomhaontú a thabhairt chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

(12) I gcomhréir leis na gConarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé freisin na fógraí dá bhforáiltear in Airteagal 14(1), Airteagal 15, Airteagal 26(1), Airteagal 29(1) agus Airteagal 29(2) den Chomhaontú a thabhairt.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 31(2) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhairle, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na modhnuithe ar Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*